Eisithe ag *Leabhair*COMHAR
04.12.25

# Leabhar nua *Scannánaíocht na Gaeilge* in eagar ag Marcas Mac Coinnigh agus Róisín Ní Ghairbhí foilsithe ag *Leabhair*COMHAR




Is cúis mhór mórtais í do *Leabhair*COMHAR go bhfuil an cnuasach aistí ***Scannánaíocht na Gaeilge***, in eagar ag Marcas Mac Coinnigh agus Róisín Ní Ghairbhí, foilsithe agus ar fáil don phobal anois.

Cnuasach aistí é seo a thugann léargas ilghnéitheach, ildisciplíneach ar thionscal na scannán Gaeilge. Déantar anailís dhomhain ar chanóin chineamatach na Gaeilge agus ar na ceisteanna cultúrtha, stairiúla agus ealaíne a bhaineann léi.

Trí aiste dhéag atá sa chnuasach seo, mar aon le Réamhrá ó na heagarthóirí, agus Brollach scríofa ag Deirdre Ní Choistín, Ard-Stiúrthóir TG4. I measc na n-údar, tá scoláirí, scannánóirí, agus léirmheastóirí cultúrtha a thugann dearcthaí éagsúla ar na scannáin. Tugtar léargas uathúil dúinn ar chlasaicí amhail *Man of Aran* agus *Mise Éire*, agus ar shárshaothair chomhaimseartha, ina measc siúd *An Cailín Ciúin* agus *Kneecap*.

Aistear mealltach spreagúil is ea é seo trí shaol na scannánaíochta in Éirinn, chomh maith le ceiliúradh ar an ealaín, ar an oidhreacht agus ar an éagsúlacht teanga a bhaineann leis.

Agus an leabhar seo á sheoladh aige, dúirt Alan Esslemont, Iar-Ard-Stiúrthóir TG4, 'Is leabhar tábhachtach é seo a chaitheann solas ar ábhar atá go mór i mbéal an phobail faoi láthair. Beidh éileamh air.'

'Tá borradh suntasach faoi thionscal na scannánaíochta Gaeilge le blianta beaga anuas', arsa Deirdre Ní Fhloinn, Feidhmeannach Foilsitheoireachta *Leabhair*COMHAR. 'Tá plé cuimsitheach, tráthúil ar ghnéithe éagsúla de stair agus de scéal na scannánaíochta Gaeilge sna haistí seo. Is cinnte to mbeidh an-spéis ag an bpobal sa leabhar seo, agus go mbeidh sé ina chabhair freisin do mhic léinn atá ag déanamh staidéar ar Léann na Scannánaíochta.'

Seoladh an leabhar seo go hoifigiúil Dé Céadaoin, an 3 Nollaig mar chuid de Mhórsheoladh COMHAR.

**CRÍOCH**

Tuilleadh eolais: leabhaircomhar@comhar.ie / (01) 675 1922 / www.comhar.ie/leabhair

*Leabhair*COMHAR Foras na Gaeilge the arts council an chomhairle ealaíon cistiú litríocht

**Eolas don eagarthóir:**

An leabhar:
Teideal: *Scannánaíocht na Gaeilge*
In eagar ag: Marcas Mac Coinnigh, Róisín Ní Ghairbhí
ISBN: 978-1-918127-00-3
€20
Dáta foilsithe: Nollaig 2025
Foilsitheoir: *Leabhair*COMHAR

Ar fáil le ceannach ó https://comhar.ie/leabhair/scannanaiocht-na-gaeilge/ agus ón Siopa Leabhar (Conradh na Gaeilge). Más díoltóir leabhar tú, déan teagmháil linn ag oifig@comhar.ie nó leis an dáileoir leabhar ÁIS (ais@forasnagaeilge.ie).

Na hEagarthóirí:
Léachtóir sinsearach é an **Dr Marcas Mac Coinnigh** i Roinn na Gaeilge agus an Léinn Cheiltigh, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Tá spéis mhór aige sa phairéimeolaíocht, sa fhráseolaíocht, agus i Léann na Cuimhne. Tá ailt acadúla foilsithe aige i réimse leathan irisí léannta lena n-áirítear *Folklore, International Journal of Lexicography, Journal of Ethnology and Folkloristics, Léann, Proverbium agus Zeitschrift für celtische Philologie*. Is é *Mnemonic Structure and Style in Irish Proverbs* (2025) an leabhar is déanaí uaidh.

Tá **Dr Róisín Ní Ghairbhí** ina léachtóir sinsearach i Roinn na Gaeilge i nDámh na nDán i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach. Tá taighde ilghnéitheach ar ghnéithe de litríocht agus de chultúr na Gaeilge curtha ar fáil aici in ailt agus i leabhair éagsúla. Bhí sí mar láithreoir agus mar thaighdeoir leis an gclár Léirmheas Leabhar do TG4.

COMHAR:
Príomhfhoilsitheoir náisiúnta na Gaeilge is ea COMHAR, atá i mbun ghnó na foilsitheoireachta ó 1942 i leith.

I measc na tograí atá faoi chúram COMHAR tá,
- *Comhar* - iris mhíosúil liteartha na Gaeilge,
- *Leabhair*COMHAR - inphrionta foilsitheoireachta leabhar,
- COMHAR*Taighde* - iris acadúil phiarmheasta bhliantúil.

Tá COMHAR buíoch de Fhoras na Gaeilge, de Chlár na Leabhar Gaeilge, den Chomhairle Ealaíon agus d'Acadamh Ríoga na hÉireann as a dtacaíocht leanúnach sna tograí seo.

*Leabhair*COMHAR:
Bunaíodh an t-inphrionta foilsitheoireachta *Leabhair*COMHAR athuair in 2009 chun nualitríocht agus nuascríbhneoireacht na Gaeilge a fhorbairt, chomh maith le rogha den scoth de scríbhneoirí agus ábhair a chur ar fáil. Tá sé mar aidhm ag COMHAR mar eagraíocht scríbhneoirí úra a earcú agus a chothú ar bhonn leanúnach.

Tuilleadh eolais: comhar.ie/eolas